Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Meán Fómhair 2026
(OR. en)**

**13008/26
ADD 1**

**COPEN 325
JAI 1123
EUROJUST 50
CYBER 362
DROIPEN 134
ENFOPOL 309
TELECOM 418
EJUSTICE 37
MI 867
CT 104
DATAPROTECT 268**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 459 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>Moladh le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontuithe idir an tAontas agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (EUROJUST) agus na húdaráis inniúla um chomhar breithiúnacha in ábhair choiriúla na dtríú Stát sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 459 annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 459 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2026
COM(2026) 459 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann le**

**Moladh le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht ar chomhaontuithe idir an tAontas agus an Bholaiv, Ceanada, an tSile, Cósta Ríce, Eacuadór, Panama, Peiriú agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha maidir le comhar idir Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (EUROJUST) agus na húdaráis inniúla um chomhar breithiúnacha in ábhair choiriúla na dtríú Stát sin**

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN TOGRA

## TREORACHA MAIDIR LEIS AN gCAIBIDLÍOCHT AR CHOMHAONTUITHE IDIR AN tAONTAS AGUS AN BHOLAIV, CEANADA, AN tSILE, CÓSTA RÍCE, EACUADÓR, PANAMA, PEIRIÚ AGUS AONTAS NA nÉIMÍRÍOCHTAÍ ARABACHA MAIDIR LE COMHAR IDIR GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR CEARTAIS CHOIRIÚIL (EUROJUST) AGUS NA hÚDARÁIS INNIÚLA UM CHOMHAR BREITHIÚNACH IN ÁBHAIR CHOIRIÚLA NA dTRÍÚ TÍORTHA SIN

Le linn na caibidlíochta ba cheart aidhm a bheith ag an gCoimisiún na cuspóirí a leagtar amach thíos go mionsonraithe a chur i gcrích.

(1) Is é is cuspóir do na comhaontuithe an bunús dlí a sholáthar don chomhar idir Eurojust agus údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann faoi seach, lena n-áirítear sonraí pearsanta oibríochtúla a mhalartú, chun tacú le gníomhaíocht údaráis inniúla na dtíortha sin agus na mBallstát agus chun í a neartú chomh maith lena gcomhar frithpháirteach chun na cineálacha coireachta a bhfuil Eurojust inniúil ina leith i gcomhréir le Rialachán 2018/1727 a chosc agus a chomhrac, agus coimircí iomchuí á n-áirithiú an tráth céanna i ndáil le príobháideachas, sonraí pearsanta agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

Chun an teorannú de réir cuspóra a ráthú, ní bheidh baint ag an gcomhar nó ag an malartú sonraí faoi na comhaontuithe thuasluaite ach le coireanna agus cionta gaolmhara a thagann faoi inniúlacht Europol i gcomhréir le hAirteagal 3 de Rialachán 2018/1727 ('cionta coiriúla' le chéile). Go háirithe, ba cheart an comhar a bheith dírithe ar choireacht thromchúiseach a imscrúdú agus a ionchúiseamh, go sonrach an sceimhlitheoireacht, an choireacht eagraithe, gáinneáil aindleathach arm tine, gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach, agus an chibearchoireacht. Sonrófar sna comhaontuithe a raon feidhme agus ar chun na gcríocha sin a fhéadfaidh Eurojust sonraí a aistriú chuig údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann.

(2) Leagfar amach go soiléir beacht sna comhaontuithe na coimircí agus na rialuithe is gá maidir le cosaint sonraí pearsanta, cearta bunúsacha agus saoirsí daoine aonair, gan beann ar náisiúntacht ná áit chónaithe, sa mhalartú sonraí pearsanta idir Eurojust agus údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann. I dteannta na gcoimircí a leagtar amach thíos, áireofar orthu sin an ceanglas go mbeidh aistriú sonraí pearsanta faoi réir oibleagáidí rúndachta agus nach n-úsáidfear na sonraí pearsanta chun pionós an bháis ná aon fhoirm d'íde chruálach agus mhídhaonna a iarraidh, a ghearradh ná a chur i gcrích, gan dochar do choimircí breise a bhféadfadh gá a bheith leo.

Go sonrach:

(a) Beidh sainmhínithe ar phríomhthéarmaí sna comhaontuithe, lena n-áirítear sainmhíniú ar shonraí pearsanta atá i gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Threoir (AE) 2016/680.

(b) Urramóidh na comhaontuithe prionsabal an teaorannaithe de réir cuspóra, agus áiritheofar leis nach bpróiseálfar na sonraí chun críoch eile seachas an t-aistriú. Ní fhéadfar sonraí a phróiseáil chun críche forlíontaí, a bheidh comhoiriúnach agus sonrach, ach amháin le húdarú sainráite an Pháirtí aistrithigh. Chuige sin, déanfar cuspóirí na próiseála sonraí pearsanta ag na Páirtithe i gcomhthéacs na gcomhaontuithe a leagan amach go soiléir agus go beacht agus ní bheidh siad

níos leithne ná mar is gá i gcásanna aonair chun na cionta coiriúla lena mbaineann na comhaontuithe a chosc agus a chomhrac. Féadfaidh na Páirtithe Conarthacha a chinneadh de chomhthoil go bhféadfar an fhaisnéis a aistreofar a úsáid chun críche forlíontaí comhoiriúnaí sonraí, a shonrófar tráth an chomhthola sin agus a thiocfaidh faoi raon feidhme na gcomhaontuithe seo.

(c) Déanfar sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Eurojust i gcomhréir leis na comhaontuithe a phróiseáil go cóir, ar bhonn dlisteanach agus chun na gcríoch dár aistríodh iad, agus chun na gcríoch sin amháin. Leis na comhaontuithe, cuirfear d'oibleagáid ar Eurojust, tráth aistriú na sonraí, aon srian ar rochtain nó ar úsáid a chur in iúl, lena n-áirítear maidir lena n-aistriú, lena léirscriosadh, lena scriosadh nó lena bpróiseáil a thuilleadh. Leis an gComhaontú, cuirfear d'oibleagáid ar údaráis inniúla Phoblacht Pheiriú na srianta sin a urramú agus sonrófar ann conas a fhorfheidhmeofar comhlíonadh na srianta sin go praiticiúil. Beidh na sonraí pearsanta leordhóthanach, ábhartha, agus teoranta don mhéid is gá i ndáil leis an gcríoch sin. Ní mór iad a bheith cruinn agus ní mór iad a choinneáil cothrom le dáta. Ní choinneofar iad níos faide ná mar is gá chun na críocha dár n-aistríodh iad. Déanfar foráil sna comhaontuithe maidir le hathbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an ngá atá leis na sonraí pearsanta a aistríodh a choinneáil a thuilleadh. Beidh iarscríbhinn ag gabháil leis na comhaontuithe ina mbeidh liosta uileghabhálach d'údaráis inniúla na dtríú Stáit lena mbaineann a bhféadfaidh Eurojust sonraí a aistriú chucu chomh maith le tuairisc ghearr ar a n-inniúlachtaí.

(d) Toirmiscfear ar Eurojust sonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, ballraíocht i gceardchumann, sonraí géiniteacha agus sonraí a bhaineann le sláinte duine agus saol gnéis duine a aistriú, ach amháin má tá dianghá leis agus má tá sé comhréireach i gcásanna aonair chun cionta coiriúla a chumhdaítear leis na comhaontuithe a chosc nó a chomhrac agus má tá sé faoi réir coimircí iomchuí. Ba cheart coimircí sonracha a bheith sna comhaontuithe freisin a bhaineann le haistriú sonraí pearsanta maidir le híospartaigh cionta coiriúla, finnéithe nó daoine eile ar féidir leo faisnéis a sholáthar maidir le cionta coiriúla, chomh maith le mionaoisigh.

(e) Leis na comhaontuithe áiritheofar cearta infheidhmithe daoine aonair a bpróiseálfar a gcuid sonraí pearsanta trí rialacha a leagan síos maidir leis an gceart rochtain a fháil ar fhaisnéis, an ceart go ndéanfaí ceartúcháin agus an ceart go ndéanfaí léirscriosadh, lena n-áirítear na forais shonracha chun go gceadófaí srianta riachtanacha comhréireacha. Leis na comhaontuithe áiritheofar freisin ceart in-fhorfheidhmithe chun dea-riaracháin agus ceart in-fhorfheidhmithe chun leighis bhreithiúnaigh d'aon duine a bpróiseáilfear a chuid sonraí faoi na comhaontuithe, agus ráthófar leigheasanna éifeachtacha.

(f) Leagfar síos sna comhaontuithe na rialacha maidir le sonraí pearsanta a stóráil, maidir le sonraí pearsanta míchruinne a cheartú agus maidir le sonraí pearsanta a aistríodh go neamhdhleathach a scriosadh agus maidir le taifid agus logaí a choimeád chun críoch cuntasachta agus doiciméadachta. Ba cheart foráil a dhéanamh leo freisin maidir le coimircí i ndáil le huathchinnteoireacht an duine aonair. Ba cheart a shonrú sna comhaontuithe freisin na critéir ar ar a mbonn ba cheart measúnú a dhéanamh ar chruinneas na sonraí.

(g) Sna comhaontuithe beidh an oibleagáid slándáil sonraí pearsanta a áirithiú trí bhearta teicniúla agus eagraíochtúla iomchuí, lena n-áirítear gan cead a thabhairt ach amháin do dhaoine údaraithe rochtain a bheith acu ar shonraí pearsanta. Sna comhaontuithe freisin beidh an oibleagáid fógra a thabhairt i gcás sárú ar shonraí pearsanta a dhéanann difear do shonraí a aistrítear faoin gcomhaontú.

(h) Ní cheadófar faisnéis a aistriú ar aghaidh ó údaráis inniúla na dtríú tíortha lena mbaineann chuig údaráis eile laistigh dá dtír féin, lena n-áirítear lena húsáid i nósanna imeachta breithiúnacha, ach amháin chun críocha bunaidh an aistrithe ag Eurojust agus déanfar í faoi réir coinníollacha agus coimircí iomchuí, lena n-áirítear réamhúdarú ó Eurojust.

(i) Beidh feidhm ag na coinníollacha céanna a léirítear faoi phointe (h) maidir le faisnéis a aistriú ar aghaidh ó údaráis inniúla an tríú tír lena mbaineann chuig údaráis i dtríú tír eile, leis an gceanglas breise nach gceadófar aistrithe ar aghaidh den sórt sin ach amháin chuig tríú tíortha a bhfuil Eurojust i dteideal sonraí pearsanta a aistriú chucu ar bhonn Airteagal 56(2) de Rialachán 2018/1727.

(j) Áiritheofar leis na comhaontuithe córas formhaoirseachta ag údarás poiblí neamhspleách amháin nó níos mó atá freagrach as cosaint sonraí, údaráis ag a bhfuil cumhachtaí éifeachtacha imscrúdúcháin agus idirghabhála chun maoirseacht a dhéanamh ar údaráis phoiblí na dtríú tíortha lena mbaineann a úsáideann sonraí pearsanta agus faisnéis eile a mhalartaítear faoi na comhaontuithe, agus chun imeachtaí dlíthiúla a thionscnamh. Go háirithe, beidh cumhacht ag na húdaráis neamhspleácha gearáin a éisteacht ó dhaoine aonair maidir le húsáid a gcuid sonraí pearsanta. Beidh na húdaráis phoiblí a úsáideann sonraí pearsanta freagrach as na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta faoin gcomhaontú a chomhlíonadh.

(3) Déanfar foráil sna comhaontuithe maidir le sásra éifeachtach um réiteach díospóidí i ndáil lena léirmhíniú agus lena chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na páirtithe na rialacha arna gcomhaontú go frithpháirteach.

(4) Áireofar sna comhaontuithe forálacha maidir le faireachán agus meastóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar na comhaontuithe, arna ndéanamh ag foirne ina mbeidh saineolaithe ábhartha maidir le cosaint sonraí.

(5) Áireofar sna comhaontuithe foráil maidir lena dteacht i bhfeidhm agus a mbailíocht agus foráil lena bhféadfaidh Páirtí é a fhoirceannadh nó a chur ar fionraí, go háirithe i gcás nach n-áirithíonn an tríú tír lena mbaineann go héifeachtach a thuilleadh an leibhéal cosanta do chearta agus saoirsí bunúsacha a cheanglaítear faoin gcomhaontú. Sonrófar sna comhaontuithe freisin an bhféadfar leanúint de phróiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta a thagann faoina raon feidhme agus a aistríodh sula ndearnadh é a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh. Má cheadaítear don phróiseáil sonraí pearsanta dul ar aghaidh, is i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe tráth na fionraí nó an fhoirceanta a dhéanfar í ar aon chuma.

(6) Is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta caibidlíochta:

(a) Ní mór an chaibidlíocht a ullmhú i bhfad roimh ré.

(b) I gcás ina measann an Coimisiún gur gá sin, nó arna iarraidh sin don Chomhairle, beidh cruinniú ag Meitheal COPEN roimh na seisiúin

chaibidlíochta chun na príomh-shaincheisteanna a shainaithint, tuairimí a cheapadh agus treoir a chur ar fáil, de réir mar is iomchuí.

(c) Tuairisceoidh an Coimisiún don Chomhairle agus do Pharlaimint na hEorpa maidir le forbairtí na caibidlíochta le linn chéim na caibidlíochta nó, nuair a sheolfar roinnt caibidlíochtaí ag an am céanna, tar éis sraith seisiún caibidlíochta.

(d) Cuirfidh an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoi aon saincheist thábhachtach a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na caibidlíochta agus rachaidh sé i gcomhairle le Meitheal COPEN.

(7) Beidh comhúdarás ag na comhaontuithe sa Bhulgáiris, sa tSeicis, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Ollainnis, sa Bhéarla, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Ungáiris, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSlóvaicis, sa tSlóivéinis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus beidh clásail teanga ann chuige sin.